**Comhdháil ar an bhforfheidhmiú comhshaoil - óráid**

Is cúis áthais dom a bheith anseo ar maidin, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hAine Ryall as cuireadh a thabhairt dom. Tá sé thar a bheith deas a bheith ar ais anseo san Aula Maxima tar éis an oiread sin blianta.

(Mar atá luaite ag Cathaoirleach an ENPE Anne Brosnan agus ag an Uachtarán John O'Halloran araon). Tá sé tráthúil ár gcomhdháil a bheith againn chomh luath i ndiaidh fhoilsiú thuarascáil an EPA ar 'Staid ár gComhshaoil' an tseachtain seo caite. Beidh a fhios agaibhse a fuair deis fiú an achoimre a léamh go leagtar amach ar bhealach mionsonraithe na dúshláin ar fud gach réimse ina ndéantar dul chun cinn a thomhas: Aeráid, Cáilíocht Aeir, Dúlra, Uisce agus Dramhaíl. Cé go ndéanann an tuarascáil tagairt don dul chun cinn i réimsí áirithe – agus go deimhin is éacht ann féin tuarascáil den scoth láidir mar sin a chur ar fáil – cuimsítear measúnú lom ar an dearcadh foriomlán freisin. Aithnítear treochtaí atá ag dul in olcas do ghnáthóga cosanta agus do dhaonraí éan. Meastar go bhfuil an grád foriomlán uisce lag gan aon ghlanfheabhsú ar cháilíocht abhann nó locha le blianta beaga anuas. Níl ach 15% de ghnáthóga cosanta na hÉireann i stádas caomhantais maith. Níl Éire ag comhlíonadh na dtreoirlínte atá leagtha síos ag an WHO maidir le truailleáin aeir iolracha. D'fhéadfainn dul ar aghaidh agus ar aghaidh.

I réamhrá thuarascáil an EPA, leagann an cathaoirleach Laura Burke síos an dúshlán dúinn go léir. Caithfimid bheith níos fearr. I bhfad níos fearr. Más fíor sin dúinne go léir anseo ar mian linn, mar dhaoine, pláinéad inbhuanaithe inmharthana a thabhairt do na glúnta atá le teacht inár ndiaidh, is géarghá chun gnímh é dúinn atá íoctha ag an bpobal, chun ardcheannaireacht mar atá luaite sa tuarascáil seo a sholáthar.

Mar atá a fhios ag gach duine sa seomra seo, tá raon mór gníomhartha de dhíth ar na dúshláin atá luaite sa tuarascáil seo, mar aon le tuarascálacha eile, chun na hathruithe ar scála mór maidir le roghanna agus le hiompar daonna a chur i gcrích. Áirítear ar na gníomhartha seo múscailt feasachta, oideachas, bailiú sonraí, agus breis acmhainní do ghníomhaíocht iniúchta agus forfheidhmithe. Tuigim mar sin nach bhfuil sa fhorghníomhú ach gné amháin den uirlis iomlán ach ar maidin, déarfaidh mé píosa ar chuid de na róil rialála a bhí agam, agus an tábhacht a *bhí* acu ar bhéim an forfheidhmithe threallúsaigh i dtaobh athruithe a dhéanamh ar an scála mór de. Bíodh sin iompar réchúiseach atá glactha sa phobal, iompar a thugtar iompar "aon-úire" air nó iompar atá go hiomlán mícheart agus ag teacht salach le luachanna ár sochaí. Labhróidh mé ar an rud a thugtar barr na sleá air maidir leis an bhforfheidhmiú, nó an chéad bheart i dtaobh an fhorfheidhmithe de- agus sa chás seo is iad na hionchúisimh choiriúla atá ar an bheart is tábhachtaí agus muid ag caint ar léiriú cumhachtach ar luachanna na sochaí. Luaigh mé an taithí ghairmiúil eile a bhí agam roimhe seo mar thug siad feasacht mhéadaithe dom ar na dúshláin a bhíonn ag gníomhaireachtaí agus iad ag tabhairt faoi na cineálacha imscrúduithe agus ionchúiseamh seo.

## Taithí rialála a bhí agam roimhe seo

Ag tagairt ar an rud a dúirt mé ag tús na hóráide, d'oibrigh mé ó 2007 go 2011 i mo chomhairleoir dlí inmheánach leis an GSOC, agus ag an am sin bhí gníomhaireacht á bhunú. Is fíor a rá gur am deacair a bhí ann le bheith ag obair leis an GSOC. Tá go leor taighde idirnáisiúnta déanta ar na dúshláin roimh chomhlachtaí maoirseachta póilíneachta, go háirithe agus iad i ndiaidh teacht ar an fhód den chéad uair. Is minic a bhí na dúshláin sin ann mar gheall ar an tacaíocht láidir ón bpobal do phóilíní, rud atá chomh tábhachtach i ndaonlathas feidhmiúil; agus mar gheall ar thuiscint láidir an phobail ar na dúshláin sin a bhaineann le róil laethúla na póilíneachta. Ar bhealach, is beag idir an comhthéacs sin agus an t-ard-mheas a d'fhéadfadh bheith ag an bpobal dá bhfostóir nó dá gcomharsa. Bhí na cumhachtaí póilíneachta céanna ag Coimisiún an Ombudsman agus a bhí ag na Gardaí, agus is cuimhin liom cé chomh conspóideach a bhí

mothúcháin na tréimhse sin – ag caint ar na Gardaí féin agus fiú i gcuid de na meáin – nuair a bhí na cumhachtaí gabhála agus cuardaigh sin á n-úsáid don chéad uair.

Ba é an dara taithí a bhí agam ar thimpeallacht rialála nuair a chuaigh mé isteach sa rannóg Forfheidhmithe nua den Bhanc Ceannais in 2011. Beidh cuimhne ag cuid agaibh ar thuarascáil Honohan, agus an cáineadh a bhí ann maidir leis an tréimhse "rialacháin gan mórán bac" sin, mar a tugadh air, ag caint ar an tionscal seirbhísí airgeadais, díreach roimh thobchliseadh an gheilleagair. Ag an am sin, bhí an Banc Ceannais ag iarraidh réimeas forfheidhmithe i bhfad níos teanntásaí a chur i bhfeidhm maidir le soláthraithe seirbhísí airgeadais. Is cuimhin liom an t-uafás a bhí ann do chomhaltaí boird ó sholáthraithe seirbhíse airgeadais a d'éirigh ina 'nduine leasa' nó ina 'nduine faoi amhras' iad. Eisíodh fíneálacha; foilsíodh preaseisiúintí ar a raibh ainmneacha na ndaoine a sháraigh rialacháin seirbhíse airgeadais. Do na daoine a bhí i gceist, bhí athrú mór chur chuige ann, agus sa chomhthéacs seo, bhí tacaíocht leathan ón bpobal ag dul leis.

Ón taithí sin agus cinnte ón dearcadh atá agam anois in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar na comhaid chasta a thagann isteach ó raon sainghníomhaireachtaí imscrúdaithe, tá liosta gearr cruthaithe agam de chuid de na cineálacha deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn is féidir bheith dúshlánach:

1. Is é an chéad dúshlán ná go bhfuil raon roghanna forfheidhmithe ag go leor gníomhaireachtaí rialála – amhail forfheidhmiú smachtúil, forfheidhmiú riarthach nó forfheidhmiú coiriúil. Is féidir le forfheidhmiú sa timpeallacht seo a bheith níos casta ná forfheidhmiú i gcás póilíneachta, mar i gcásanna áirithe caithfidh tú a bheith soiléir nuair a ghlacann tú fianaise nó nuair a chuireann tú ceisteanna ar an bpróiseas atá á leanúint agat. As féin, toisc nach raibh próisis smachtbhannaí riaracháin go stairiúil mar chuid dár gcóras dlíthiúil anseo In Éirinn, tá níos mó taithí againn sa tír seo ná mar atá ag go leor dár gcomharsana Eorpacha ar an mbealach ionchúisimh a dhéanamh.

2. Is é an dara dúshlán roimh na gníomhaireachtaí rialála ná go mbíonn acmhainní maithe de ghnáth ag na daoine atá á n-imscrúdú agus go ndéanann dlíodóirí nach bhfuil speisialtóireacht acu sa dlí riaracháin nó coiriúil, ionadaíocht orthu. Mar shampla, ní minic a chloistear an cineál comhfhreagrais dhlíthiúil sin, mar a bhí idir lámha agam leis an gcás sin leis an mBanc Ceannais, i gcás fiosrúchán déanta ag na Gardaí. Mar sin féin, de réir mar a fhásann gníomhaireacht rialála níos muiníní de ghnáth ní thabharfaidh sí aird ar an gcineál sin comhfhreagrais dhlíthiúil agus a d'fhéadfadh sé nuair a tháinig sí ar an fhód den chéad uair.

3. Is é an tríú dúshlán é ná dúshlán praiticiúil a thagann chun cinn go minic do shainghníomhaireachtaí, is ea go mbíonn sé níos dúshlánaí do chigirí nó d'oifigigh údaraithe fianaise a fháil ná mar a bhíonn ag comhaltaí den Gharda Síochána – go simplí toisc go bhfuil comhaltaí den Gharda Síochána níos so-aitheanta, go mbíonn cumhachtaí níos soiléire acu de ghnáth agus go bhfuil údarás uathoibríoch acu i gcás an phobail. Cé go mbíonn gníomhaireachtaí rialála i gcónaí ar na speisialtóirí is fearr ar an ábhar, is minic a bhíonn ról tábhachtach ag baint le húsáid cumhachtaí póilíneachta maidir le ciontú tromchúiseach agus is cuma cén t-ábhar a bhaineann leo. Mar sin, tá sé tábhachtach go ndéanfadh gníomhaireachtaí rialála iarracht caidreamh a bheith acu ar leibhéal straitéiseach leis na Gardaí.

4. Ar an gceathrú dul síos, cé go ndéileáiltear le formhór na gcásanna sa chóras ceartais choiriúil trí phléadáil chiontach á dhéanamh ag an gciontóir, ní minic a bhíonn sé seo fíor maidir le cionta rialála nó coireacht chasta airgeadais nó go deimhin coireacht eagraithe. Nuair a chinneann comhlacht rialaitheach ionchúiseamh a dhéanamh nó nuair a sheolann sé comhad chuig m'Oifig agus go ndéanaimid é a ionchúiseamh ar díotáil, is minic a throidtear go dian leis na trialacha a leanann é, agus bíonn saineolaithe i gceist leo a chaithfidh teacht ó dhlínsí eile; chomh maith le foilseáin ollmhóra agus

nochtadh. I gcásanna casta, d'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú don ODPP a bheith páirteach ag an gcéim imscrúdaithe agus cuirimid an tseirbhís seo ar fáil (bíodh is go tíosach a dhéantar sin!) san áit a bhfuil sé ag teastáil.

5. Is é an cúigiú dúshlán coiteann agus an ceann deiridh a bhí le lua agam ar maidin ná an deacracht a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le tromchúis an iompair chiontaigh a chur in iúl do ghiúiréithe agus do bhreithiúna agus go bhfuil an rud sin atá i gceist acu "coiriúil". Is féidir fadhbanna a bheith ann freisin i gcomhthéacs riaráistí na cúirte maidir leis an gcás a chur ar bun agus finnéithe a choinneáil ar bord. Tá roinnt dlínsí tar éis déileáil leis na saincheisteanna seo trí chúirteanna speisialta a chruthú – mar shampla le haghaidh coireacht airgeadais nó coireacht chomhshaoil.

D'ainneoin na saincheisteanna coitianta seo a d'fhéadfadh teacht chun cinn sna cineálacha ionchúiseamh sin ó shainghníomhaireachtaí nó ó ghníomhaireachtaí rialála, ní chiallaíonn sin go bhfuil an comhthéacs mar a chéile i gcónaí. Déanta na fírinne, i bhfianaise phráinn na saincheisteanna comhshaoil atá os comhair na tíre agus an phláinéid, bheadh dúil ag duine go bhfuil an comhthéacs chun coireacht comhshaoil a ionchúiseamh ina ndéantar an fhianaise, ag éirí níos soiléire agus níos soiléire do gach duine sa tsochaí lena n-áirítear ionchúisitheoirí, giúiréithe agus breithiúna.

Cúis eile a luaigh mé na róil rialála sin ná toisc go bhfuil a fhios agam gur féidir le hobair i bhforfheidhmiú rialála bheith scoite agus neamhtharraingteach. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach, dar liom, líonraí a thógáil le gníomhaireachtaí agus le hearnálacha eile a bhfuil dúshláin chomhchosúla rompu. Chuige sin is dóigh liom gur líonra an-úsáideach é an Fóram Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil, a bhfuil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí rannpháirteach ann in éineacht leis an EPA, raon leathan rialtóirí agus na Gardaí, agus is líonra é sin a bhí mé féin i dteagmháil leis le bliain anuas. Sin ráite, tá a fhios agam go bhfuil an chéad seisiún eile den ghrúpa seo á óstáil ag an EPA an tseachtain seo chugainn.

## Roinnt faisnéise faoi ODPP

Mar sin, cén ról ar cheart do sheirbhís ionchúisimh náisiúnta a imirt ina leith seo ar fad? Ar dtús, cúpla focal *faoinár* gcomhthéacs. Tá foireann os cionn 280 duine in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Is dlíodóirí iad níos mó ná 160 dóibh agus comhlíonann an chuid eile feidhmeanna éagsúla tacaíochta dlí nó seirbhíse corparáidí. Chomh maith le croífhoireann na hOifige, tá 30 aturnae stáit againn lonnaithe ar fud na tíre. Is cleachtóirí príobháideacha iad seo atá ar conradh againn chun abhcóidí a ionchúiseamh agus a threorú i gcúirteanna cuarda ar fud na tíre. Ansin, tá painéil againn d'abhcóidí, d'abhcóidí sóisearacha agus d'abhcóidí sinsearacha, a dhéanann ionchúiseamh thar ár gceann sa Chúirt Chuarda agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil.

Go ginearálta, nuair a chloistear go bhfuil *"comhad seolta chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí"* is é a chiallaíonn sé sin go bhfuil comhad seolta ag an ngníomhaireacht imscrúdaithe chuig an Rannán Stiúrtha. Tá thart ar 30 dlíodóir sa Rannán a bhfuil sé mar phríomhchúram orthu athbhreithniú a dhéanamh ar thart ar 11,000 comhad a thagann isteach gach bliain ó imscrúdaitheoirí d'fhonn cinneadh a dhéanamh cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh. Tá sainghnéithe áirithe sannta againn do chuid de na dlíodóirí seo ionas gur féidir leo a bheith ina saineolaithe i réimse de chuid an dlí. Tá foireann bheag saindlíodóirí againn a dhéanann athbhreithniú ar chomhaid faoi iascach mara agus foireann bheag ar leith a dhéileálann le réimsí eile den dlí comhshaoil. Tá príomhdhlíodóir tiomnaithe ag gach foireann. Ba mhaith liom a lua freisin go bhfuil saineolaithe tiomnaithe againn ar choireacht eagraithe mar is eol dúinn go bhféadfadh gné thrasnáisiúnta OGG a bheith ann don choireacht chasta comhshaoil atá tábhachtach le tuiscint.

## Iascach mara

Toisc go bhfuilimid i gCorcaigh mar a gcuirtear tús le go leor dár gcásanna maidir le hiascach mara, labhróidh mé ar an réimse oibre sin ar dtús. Ba cheart dom a rá tá seans ann nach tairiscint thar a bheith tarraingteach é bheith i do shaineolaí iascaigh mhara in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí mar go bhfuil ceathrar dlíodóir againn a oibríonn seirbhís teileafóin 24 uair an chloig ar glao-dhualgas don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara. Is féidir leis an Údarás teagmháil a dhéanamh linn i rith na hoíche nó i rith an deireadh seachtaine i ndiaidh do bhád iascaireachta a choinneáil chun treoir nó comhairle a lorg faoi raon cionta, amhail cionta logleabhar nó gan gléasanna fuaimiúla a chur ar na heangacha iascaireachta. Mar shampla, tá cás againn ag fanacht le pianbhreith faoi láthair inar theip ar an soitheach iascaireachta Gléas Fuaimiúil Cosc a ghreamú dá n-eangacha iascaireachta tráchtála de réir mar is gá dóibh a dhéanamh. Dóibh siúd nach bhfuil cur amach acu ar na cúrsaí seo, is é an cuspóir atá le Gléas Fuaimiúil Cosc ná mamaigh mhara amhail an deilf, na muca mara agus an míol mór a chosaint trí fhostú eangaí a sheachaint. Mar chuid dár n-oiliúint agus dár rannpháirtíocht rialta leis an Údarás Ionchúisimh Iascaigh Mhara, bhí muid ag plé leis an dóigh ar féidir ár luachálacha a bhíonn in úsáid againn ag céim na pianbhreithe tuiscint iomlán d'aon bhreitheamh a ghearrann pianbhreith ar thionchar na gníomhaíochta mídhleathaí, lena n-áirítear an leibhéal íseal grádaithe ar stoic mhara agus na rioscaí do speicis atá i mbaol nó toirmiscthe.

## Réimsí eile den choir chomhshaoil

I gcás réimsí eile den choir chomhshaoil, bíonn muid i gcumarsáid den chuid is mó leis an EPA. Caithfear a thuiscint go n-ionchúisíonn an EPA formhór na gcásanna a thugann siad go hachomair féin agus nach seolann siad ach comhaid ar bith a mheasann sí a d'fhéadfadh a bheith tuillte a ionchúiseamh ar díotáil. Le blianta beaga anuas bhain go leor de na cásanna seo le sáruithe ar cheadúnais arna ndeonú ag an EPA do chuideachtaí diúscartha dramhaíola agus do chuideachtaí a dhéanann táirgí déiríochta. Anuraidh, cuireadh críoch le cás a bhí ar siúl le fada maidir le cionta atá contrártha leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996. Tháinig an cás seo inár n-oifig den chéad uair in 2009. Sa deireadh thiar thall, gearradh pianbhreith ar dhuine de na cúisithe anuraidh – pianbhreith trí bliana le 12 mhí ar fionraí. Sílim gurb é seo, b'fhéidir, an chéad chás den choir chomhshaoil sa tír seo ina raibh cás príosúin ag an gcúisí. Ní scaoilfidh mé saor gach sonraí ón chás sin, mar tá a fhios agam go mbeidh Tom Ryan chun labhairt faoi seo agus faoi chásanna eile nuair a labhróidh sé níos déanaí ar maidin.

Tá ról tábhachtach maoirseachta ag an EPA freisin i dtaca le gníomhaíocht forfheidhmithe na n-údarás áitiúil agus tagraítear sa tuarascáil an tseachtain seo caite do 197,300 cigireacht comhshaoil in 2022 agus don fhíric go raibh 93% de na hionchúisimh chomhshaoil déanta ag na húdaráis áitiúla san earnáil dramhaíola.

Ba chóir go mbeadh an choir fhiadhúlra ina réimse tábhachtach eile dúinn agus cloisfimid faoi seo ó Niamh Guiry níos moille ar maidin. Tá a fhios agam ó mo chomhráite le hionchúisitheoirí sinsearacha eile i ndlínsí eile go bhfuil cuid acu anois ag ionchúiseamh cásanna tromchúiseacha a bhaineann le dronga coireachta eagraithe a bhfuil baint acu le trádáil mhídhleathach an fhiadhúlra.

Ceann de na dúshláin a luaitear go minic i gcúrsaí forfheidhmiú na coire comhshaoil ná líon na ngníomhaireachtaí atá i gceist. Ní bhaineann sé seo le hÉire amháin, ach cuireann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le téama chomhdháil an lae inniu - an comhoibriú eagraíochtúil.

## Cén ról atá ag an ODPP maidir le tacú leis an obair thábhachtach seo?

Mar sin, i bhfianaise raon na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe éagsúla, cén fócas ar cheart d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tacú leis an obair thábhachtach seo maidir le himscrúdú coireachta agus ionchúiseamh comhshaoil? Tá ceithre réimse ann:

1. Trí bheith freagrach nuair a fhaighimid comhad ina bhfuil líomhaintí choir chomhshaoil ann agus ansin cinneadh a dhéanamh ar an gcás chomh héifeachtach agus is féidir. I gcás cinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh tá sé de dhualgas orainn an cás a bhogadh ar aghaidh go réamhghníomhach, sa mhéid is a cheadaítear ag na próisis chúirte. Mar a luaigh mé cheana, is é an príomhbhealach a dhéanaimid é seo ná comhaid a shannadh do dhlíodóirí tiomnaithe ar féidir leo saineolas a fhorbairt trí dhea-chaidreamh oibre a fhorbairt leis na gníomhaireachtaí ábhartha, agus trí oiliúint shaineolach a dhéanamh nó freastal ar chomhdhálacha ábhartha. Ar an drochuair, ní raibh Eveleen Healy, ár bpríomhdhlíodóir ar an choir chomhshaoil, in ann bheith linn inniu ach tá a fhios agam dá mbeadh sí anseo, déarfadh sí gur fhoghlaim sí níos mó óna rannpháirtíocht leis an EPA agus a d'fhoghlaim siad uaithi.

2. Ról eile is féidir linn a ghlacadh **is ea a bheith rannpháirteach i líonraí**, atá ar fáil sa bhaile agus go hidirnáisiúnta a thacaíonn leis an obair fhorfheidhmithe seo. Glacann an Oifig páirt i gcruinnithe ráithiúla ar líne le Coiste Náisiúnta Forfheidhmithe Dramhaíola na hÉireann, agus chuir muid oiliúint ar fáil don Líonra um Chomhlíonadh agus Fhorfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann (NIECE) ar chomhstruchtúr úsáideach eile é. Le déanaí, tá muid anois inár mball taca de ENPE freisin.

3. Ar an tríú dul síos, **is féidir linn rannchuidiú trí oiliúint a sholáthar d'imscrúdaitheoirí ar an dlí agus ar na praiticiúlachtaí a bhaineann le hionchúisimh a rith**. Cuirimid oiliúint ócáideach ar fáil cheana féin don EPA agus don Bhord Iascaigh Mhara, agus táimid fós oscailte oiliúint a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí imscrúdaithe eile a bhfuil suim acu ann má bhíonn dóthain éilimh ann. B'fhéidir go mbeadh fiúntas le tuilleadh acmhainní ar líne a fhorbairt ina leith seo. Agus mar a tharlaíonn sé, tá a fhios agam go bhfuil an EPA, na húdaráis áitiúla agus muid féin ag pleanáil comhoiliúint ar líne maidir le forfheidhmiú dramhaíola i mí na Samhna i mbliana agus tá rún ann, dar liom, an oiliúint seo a chur ar fáil mar acmhainn ar líne.

4. Ar an gceathrú dul síos is féidir linn tacú leis an obair seo trí theagmháil a dhéanamh le ranna rialtais mar fhreagra ar iarratais ar thuairimí faoi athchóirithe ar an dlí nó ar chur chun feidhme ionstraimí an AE. Tá sé fíorthábhachtach, nuair a bhíonn treoracha an AE á gcur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann, go ndréachtaítear gach cion a chruthaítear ionas nach mbeidh siad ró-chasta le cruthú nó le míniú do ghiúiré agus gur féidir iad a ionchúiseamh. Cuirimid tuairimí ar fáil freisin ar reachtaíocht nua nach mbaineann go díreach le dlí comhshaoil ach a d'fhéadfadh a bheith ábhartha. Sampla le déanaí a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar spéise is ea an t-alt nua 55 den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2023 a dhéanann foráil den chéad uair don fhéidearthacht go dtabharfaidh finnéithe fianaise gan a bhféiniúlacht a nochtadh. Cé gur chóir dom a rá go samhlaím nach mbeidh údar leis an bhforáil seo go minic.

## Treoir nua ón AE

Níor labhair mé go fóill ar an treoir nua ón AE, mar beidh caint tiomnaithe againn ar sin ar maidin inniu ó Vita Jukne ón gCoimisiún Eorpach. Is é an t-aon rud is féidir liom a rá ná gur dóigh liom go bhfuil go leor forálacha sa Treoir a d'fhéadfadh a bheith úsáideach. Mar shampla, na forálacha sin atá dírithe ar chionta áirithe phionósú le pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. D'fhéadfadh forálacha úsáideacha a bheith aige freisin a bhaineann le dliteanas corparáideach agus le dliteanas aon duine atá ar thús cadhnaíochta laistigh de chuideachta. Sílim go bhféadfadh an riachtanas le Straitéis Náisiúnta a bheith againn spás a chruthú freisin chun ár bhfreagrachtaí uile faoi seach a shoiléiriú tuilleadh agus conas is féidir linn tacú lena chéile agus, rud atá tábhachtach, acmhainní a bheith againn chun é seo a dhéanamh go héifeachtach.

## Nótaí Deiridh

Mar fhocal scoir, athdhearbhóidh mé go bhfuil súil shoiléir agam ar na dúshláin a bhaineann le cás a imscrúdú agus a ullmhú le haghaidh ionchúisimh. Is tasc dian ar acmhainní é do ghníomhaireachtaí a bhfuil raon feidhmeanna iomaíocha acu. Troidtear go crua ar go leor de na cásanna seo agus is féidir blianta a bheith i gceist leo. Tá an baol ann freisin, d'ainneoin leibhéal na n-acmhainní, nach dtuigtear go hiomlán fairsinge agus iarmhairt cásanna choir chomhshaoil, agus go ndéileálann na cúirteanna le cásanna ar bhealach nach mbíonn fíor-éifeacht dhíspeagtha aige.

Is mian le m'Oifig ár bpáirt a ghlacadh go hiomlán. Is féidir linn, agus déanaimid, tacaíocht a sholáthar do ghníomhaireachtaí imscrúdaithe a bhfuil sé de chúram orthu comhad casta a chur le chéile ionas go dtabharfar tacaíocht dóibh maidir le cruthúnais ríthábhachtacha a aithint agus aon chás a ullmhú le haghaidh trialach. Sannaimid na cásanna seo do phríomhdhlíodóirí tiomnaithe d'fhonn a chinntiú go leantar leis na cásanna seo leis an righneas céanna is a chuirtear i bhfeidhm ar chineálacha eile ciontóireachta. Is cuid dár bpost mar ionchúisitheoirí freisin leanúint ar aghaidh ag aimsiú bealaí chun tromchúis an chiona líomhnaithe a chur in iúl don chúirt. Tá ár streachailt acmhainne féin againn, ach sílim go bhfuil an acmhainneacht ann dúinn níos mó tacaíochta agus oiliúna a chur ar fáil thar a ndéanaimid cheana féin, agus beimid sásta é seo a dhéanamh nuair a bhíonn an t-éileamh ann.

Críochnóidh mé ag rá go raibh daoine i dteach tábhairne 40 bliain ó shin ag féachaint ar dhuine ar meisce ag dul isteach sa charr chun tiomáint abhaile agus gan rud ar bith a rá. Níl glacadh forleathan den sórt sin sa tsochaí ann a thuilleadh, agus tá sé seo mar gheall ar oideachas ach freisin ar fheachtas láidir tiomáint ar meisce a bhrath agus a ionchúiseamh. Amharcann go leor againn siar ar an nglúin atá romhainn anois agus fiafraíonn siad nach raibh níos mó cróite ann faoi seo nó go deimhin faoi raon cineálacha eile cionta tromchúiseacha. Tá an ghlúin atá ag teacht inár ndiaidh ag tabhairt aghaidh ar thionchair an athraithe aeráide, truaillithe agus cailliúint na bithéagsúlachta. Sna blianta atá le teacht féachfaidh siad siar ar ár ngníomhartha nó ar ár n-easpa gníomhartha. Tá tiomantas iomlán gach duine againn tuilte acu – ach go háirithe muidne i bpoist cheannaireachta sa tseirbhís phoiblí – chun ár n-aird a dhíriú ar agus ár seacht ndícheall a dhéanamh leis na dúshláin seo.